IOMSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 258 de 2018**

---

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 2), 2018

I.R. Uimh. 258 de 2018

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 2), 2018

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 (I.R. Uimh. 350 de 2017)) agus an tOrdú um Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017 (I.R. Uimh. 641 de 2017), déanaimse, Joe McHugh, Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú) (Uimh. 2), 2018 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá gach ceann de na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an* 20 *Iúil* 2018 *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

## AN SCEIDEAL

**Ciarraí Theas, Co. Chiarraí**

(1) Na toghranna ceantair seo a leanas: Baile an Sceilg, Doire Ianna, Toghroinn Fhíonáin agus Máistir Gaoithe.

(2) An chuid sin de thoghroinn cheantair an Bhaile Bhric atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Na Cáintíní, Gort na Meacanaí, Na Grága, Inse Fhearann na gCléireach, Íochtar Cua, An Seanchnoc, Na Tuairíní agus Tuairín Uí Dhuinnín.

(3) An chuid sin de thoghroinn cheantair na mBeathacha i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Oileán Buí

(4) An chuid sin de thoghroinn cheantair Chathair Dónall i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Com na hEorna Thiar, Com na hEorna Thoir, An Gleann Beag, Gort na Cille agus An Ráth.

(5) An chuid sin de thoghroinn cheantair Cheannúch i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun an Doirín, Caol an Phréacháin Thiar, Caol an Phréacháin Thoir, Ceannúigh, Cill Mhic Iarainn Thiar, Cill Mhic Iarainn Thoir, Cois Chomarach, Com Dhá Stua, Drom Oireach, An Fhaill Dronnach, An Inse Bhuí agus Málainn.

(6) An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhoire Fhíonáin i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Fhinn, Cathair na Gaoithe, Com an tSleabhcáin, Doire Fhíonáin Beag, Doire Fhíonáin Mór, An Fearann Iarthach, An Lóthar, An Rinn Iarthach, An Rinnín agus Teamhair.

(7) An chuid sin de thoghroinn cheantair an Imligh i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ceann Eich, An Chluain, Fearann na hAbhann, An Garraí Glas, Imleach Draighneach, Imleach Lao, An tImleach Mór Thiar, An tImleach Mór Thoir, Imleach na Muc, An Mhaoilinn, Meall na hÓn, Moing Uí Dhúda, An Mhuiríoch, An Rinn Rua agus An Tulaigh.

(8) An chuid sin de thoghroinn cheantair Loch Luíoch i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Chathair Bhearnach, Clochbhuaile, Na Comáin agus An Gleann Beag.

(9) An chuid sin de thoghroinn cheantair Thrian Iarthach i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Formaoil agus Sosadh.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh,
17 Iúil 2018.

JOE MCHUGH,
Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta Agus Gaeltachta.

STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 258 of 2018**

---

# GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 2) ORDER 2018

S.I. No. 258 of 2018

# GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 2) ORDER 2018

I, JOE MCHUGH, Minister of State at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, in exercise of the powers conferred on me by section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) (as adapted by the Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2017 (S.I. No 350 of 2017)) and the Culture, Heritage and the Gaeltacht (Delegation of Ministerial Functions) Order 2017 (S.I. No. 641 of 2017), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Language Planning Areas) (No. 2) Order 2018.

2. The areas specified in the Schedule are each designated to be a Gaeltacht Language Planning Area for the purposes of section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

*Notice of the making of this Statutory Instrument was published in "Iris Oifigiúil" of* 20*th July*, 2018.

## SCHEDULE

**Ciarraí Theas, Co. Kerry**

(1) The following electoral division areas: Baile an Sceilg, Doire Ianna, Toghroinn Fhíonáin and Máistir Gaoithe.

(2) That part of the electoral division area of Baile Bhric which consists of the following townlands: Na Cáintíní, Gort na Meacanaí, Na Grága, Inse Fhearann na gCléireach, Íochtar Cua, An Seanchnoc, Na Tuairíní and Tuairín Uí Dhuinnín.

(3) That part of the electoral division area of Na Beathacha in Co Kerry which consists of the following townlands: Oileán Buí

(4) That part of the electoral division area of Cathair Dónall in Co Kerry which consists of the following townlands: Com na hEorna Thiar, Com na hEorna Thoir, An Gleann Beag, Gort na Cille and An Ráth.

(5) That part of the electoral division area of Ceannúch in co Kerry which consists of the following townlands: Bun an Doirín, Caol an Phréacháin Thiar, Caol an Phréacháin Thoir, Ceannúigh, Cill Mhic Iarainn Thiar, Cill Mhic Iarainn Thoir, Cois Chomarach, Com Dhá Stua, Drom Oireach, An Fhaill Dronnach, An Inse Bhuí and Málainn.

(6) That part of the electoral division area of Doire Fhíonáin in Co Kerry which consists of the following townlands: Baile Fhinn, Cathair na Gaoithe, Com an tSleabhcáin, Doire Fhíonáin Beag, Doire Fhíonáin Mór, An Fearann Iarthach, An Lóthar, An Rinn Iarthach, An Rinnín and Teamhair.

(7) That part of the electoral division area of Imligh in Co Kerry which consists of the following townlands: Ceann Eich, An Chluain, Fearann na hAbhann, An Garraí Glas, Imleach Draighneach, Imleach Lao, An tImleach Mór Thiar, An tImleach Mór Thoir, Imleach na Muc, An Mhaoilinn, Meall na hÓn, Moing Uí Dhúda, An Mhuiríoch, An Rinn Rua and An Tulaigh.

(8) That part of the electoral division area of Loch Luíoch in Co Kerry which consists of the following townlands: An Chathair Bhearnach, Clochbhuaile, Na Comáin and An Gleann Beag.

(9) That part of the electoral division area of Trian Iarthach in Co Kerry which consists of the following townlands: Formaoil and Sosadh.

GIVEN under my hand,
17 July 2018.

JOE MCHUGH,
Minister of State at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

ISBN 978-1-4468-7560-5

€2.54

9 781446 875605

Wt. (B33565). 285. 7/18. Essentra. Gr 30-15.